**Preasráiteas**

**www.logainm.ie**
**Fuaim le logainmneacha Chontae an Chláir**

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 365 logainm i gContae an Chláir. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha sna contaetha seo a leanas: Port Láirge, Gaillimh, Lú, Dún na nGall, Ciarraí, Tiobraid Árann, Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Luimneach, Liatroim, An Mhí, Cill Chainnigh, Cill Mhantáin, Corcaigh, Ros Comáin, Loch Garman agus Muineachán. Úna Uí Rócháin as Sráid na Cathrach a chuir fuaim le logainmneacha an Chláir.

Is suíomh Gréasáin poiblí é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin baile, sráid agus oifig phoist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Tharraing an suíomh Gréasáin logainmneacha 6.4 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Is é *Dublin* an logainm is mó cuardach go dtí seo (1,086 cuardach), is é *Finglas* an dara ceann is coitianta (707), tá *Ballina* sa tríú háit (704) agus tá *Belfast* sa cheathrú háit (677). Is iad na logainmneacha is mó cuardach i gContae an Chláir go dtí seo ná *Shannon* (492 cuardach), *Burren* (413), *Ennis* (390) agus *Clare* (339).

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, do dhaoine ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit na Gaeltachta: "Is iontach an áis í logainm.ie do dhaoine proifisiúnta, do mhic léinn agus do dhaoine a bhfuil suim acu inár gcultúr agus teanga. Tá an-áthas orm go bhfuil forbairt agus dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar an acmhainn thábhachtach seo. Guím gach rath ar an tionscadal amach anseo."

Leantar den obair ar www.logainm.ie agus cuirtear tuilleadh logainmneacha, comhad fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh ar bhonn leanúnach.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag FIONTAR, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.